# Eleathanach 351

## Dé Luain an 18 Bealtaine 2020

### Matt Damon anseo in Éirinn

Tháinig Matt Damon go hÉirinn lena bhean chéile Luciana Barrosa agus a pháistí Isabella, Gia agus Stella i Mí an Mhárta. Bhí sé ag aisteoireacht sa scannán nua *The Last Duel*.

Ach ansin bhí orthu críoch a chur leis an scannán toisc go raibh ar mhuintir na hÉireann fanacht sa bhaile mar gheall ar an gcoróinvíreas.

Anois tá sé ina chónaí i gCill Iníon Léinín. Is breá leis an ceantar. Téann sé ag snámh san fharraige agus labhair sé ar Spin 103.8 Dé Céadaoin seo caite! Bhí ionadh ar gach duine agus bhí na láithreoirí, Graham agus Nat, ar bís.




***Tá mála SuperValu ina lámh!***



SPIN 1038

### Spraoi sa bhaile – OSIE


Tá áiseanna, pleananna ceachta, cluichí agus rapamhrán ar fáil saor in aisce trí Ghaeilge ar shuíomh AgroCycle Kids. https://www.agrocycle-platform.com/

Cabhróidh na háiseanna seo go mór le múinteoirí agus le daltaí scoile agus iad ag foghlaim sa bhaile. Tá na háiseanna istigh sa Seomra Acmhainní agus 'Spraoi sa Bhaile' an t-ainm atá orthu.

Tá a lán acmhainní ann a bhaineann leis an nádúr agus le hathrú aeráide. Tá na háiseanna seo bunaithe ar an taighde is déanaí maidir le hathrú aeráide. Bainigí taitneamh as na cluichí agus as an spraoi sa bhaile!

- Spraoi sa Bhaile 1: Crainn - Scamhóga na Cruinne
- Spraoi sa Bhaile 2: Timpeall na Tíre
- Spraoi sa Bhaile 3 - Cluiche an Dúlra
- Spraoi sa Bhaile 4 - Cé mhéid é 2m?
- Spraoi sa Bhaile 5- AgroCycle Kids - Lá an Domhain 2020
- Spraoi sa Bhaile 6 - Múinteoir Maria san Fhoraois
- Spraoi sa Bhaile 7 - Coill Bhearna, Co. na Gaillimhe le Múinteoir Tara
- Spraoi sa Bhaile 8 - Cnoc Sinche, Co. Chill Mhantáin le Múinteoir Shona & Múinteoir Ailbhe





### Cá raibh a bhríste?

An cuimhin libh Christopher Reeve? B'aisteoir cáiliúil é agus bhí an ról mar 'Superman' aige. Bhí a mhac Will Reeve ar an gclár 'Good Morning America' le déanaí. Is iriseoir é Will Reeve.

Bhí seaicéad agus léine air nuair a bhí sé ag taifeadadh ach toisc go raibh sé sa bhaile níor bhac sé lena bhríste! Chonaic gach duine a d'fhéach ar an gclár teilifíse nach raibh bríste air! Will Reeve bocht!!



Ollscoil Mhá Nuad | Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, | Coláiste Mhuire, BÁC 7 | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta